# Téarmaí Tagartha: An 1ú Ghairm Tograí le haghaidh

# Urban Innovative Actions

## 15/12/2015 – 31/03/2016

European Union
European Regional Development Fund

RÉGION NORD-PAS DE CALAIS

## Clár ábhar


1. Réamhrá .... 4
2. Údaráis incháilithe – Cé a fhéadfaidh iarratas a dhéanamh .... 5
3. Clúdach téamach le haghaidh na 1ú Ghairme Tograí .... 7
4. Prionsabal Cistiúcháin .... 14
5. Giniúint agus forbairt tionscadail .... 15
   5.1 Comhpháirtíocht le haghaidh Urban Innovative Actions .... 15
   5.2 Gníomhaíochtaí Tionscadail .... 16
   5.3 Línte buiséid agus costais incháilithe .... 17
6. An próiseas iarratais .... 17
7. An próiseas roghnúcháin .... 18
   7.1 Seiceálacha Incháilitheachta agus Inghlacthachta .... 18
   7.2 Measúnacht Straitéiseach .... 19
   7.3 Measúnacht Oibríochtúil .... 20
   7.4 An córas scórála don mheasúnacht .... 20
8. Soláthar poiblí, iniúchadh agus státchabhair .... 21
9. Conas cúnamh a fháil .... 21
10. Dátaí tábhachtacha .... 21

## 1. Réamhrá

Mar a luaitear in Airteagal 8 den Rialachán maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE)[1], féadfaidh CFRE tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí uirbeacha i réimse na forbraíochta uirbí inbhuanaithe. Sa chreat seo, sheol an Coimisiún Eorpach an Tionscnamh Urban Innovative Actions (UIA) d'fhonn aithint agus tástáil a dhéanamh ar réitigh nua lena dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le forbraíocht uirbeach inbhuanaithe agus lena mbaineann ábharthacht ag leibhéal an Aontais.

Is é príomhaidhm an Tionscnaimh UIA, dá bhrí sin, ná spás agus acmhainní a chur ar fáil d'údaráis uirbeacha ar fud na hEorpa le gur féidir leo tástáil a dhéanamh ar smaointe dána neamhchruthaithe lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin idircheangailte agus a thástáil conas a fhreagraíonn siad do chastacht an fhíorshaoil. Nuálach, ar ardchaighdeán, deartha agus curtha chun feidhme le rannpháirtíocht príomh-gheallsealbhóirí, dírithe ar thorthaí agus inaistrithe a bheidh na tionscadail a dtabharfar tacaíocht dóibh.

Is ionann agus thart ar EUR 372 milliún buiséad CFRE atá ag an Tionscnamh UIA.

Roghnófar tionscadail UIA trí Ghairmeacha Tograí ar ábhar amháin nó níos mó a mholfaidh an Coimisiún gach bliain idir 2015 agus 2020.

Is féidir le gach tionscadal cómhaoiniú CFRE ar fiú EUR 5 mhilliún ar a mhéad é a fháil. Níl aon íosmhéid sheasta i bhfeidhm maidir le buiséid tionscadail UIA. Mar sin féin, d'fhéadfadh gurbh ísle an dóchúlacht go roghnófaí tionscadail bheaga (i.e. tionscadail ina n-iarrtar níos lú ná EUR 1 mhilliún ó CFRE) mar gurbh fhéidir go mbeadh sé doiligh dóibh a thaispeáint gur leor scála na ngníomhaíochtaí chun tátail fhiúntacha a chruthú.

Ní mór an tionscadal a chur chun feidhme laistigh d'uastréimhse 3 bliana.

Ionstraim de chuid an Choimisiúin is ea an Tionscnamh UIA agus is í Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh a bhainistíonn í faoi bhainistíocht indíreach. D'ainmnigh an Coimisiún Région Nord-Pas de Calais mar Eintiteas a gCuirfear Cúram Air chun an Tionscnamh a chur chun feidhme. Bunaíodh Rúnaíocht Bhuan chun an Tionscnamh a bhainistiú.

---

[1]Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa: http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:32013R1301

**Leis na Téarmaí Tagartha seo, tá an tEintiteas a gCuirfear Cúram Air ag iarraidh ar údaráis incháilithe tograí tionscadail a chur isteach faoi chuimsiú na 1ú Ghairme Tograí. Leithdháiltear buiséad EUR 80 milliún le haghaidh na Gairme Tograí seo.**

Leagtar amach sa doiciméad seo an riachtanas agus an próiseas atá le leanúint don 1ú Ghairm Tograí. Ba cheart é a léamh i gcomhar le Treoir an Tionscnaimh UIA agus leis an treoir do na Foirmeacha Iarratais, atá go léir le fáil ar shuíomh Gréasáin an Tionscnaimh UIA.

## 2. Údaráis incháilithe – Cé a fhéadfaidh iarratas a dhéanamh

Deimhnítear le hAirteagal 2 den Rialachán maidir le Gníomhaíochtaí Nuálacha Uirbeacha[2] go bhféadfaidh na húdaráis seo a leanas iarratas a dhéanamh ar thacaíocht chun tabhairt faoi thionscadail UIA:

- Aon údarás uirbeach de chuid aonad riaracháin áitiúil atá sainmhínithe, de réir an mhéid uirbithe atá ann, mar chathair, mar bhaile nó mar bhruachbhaile agus ina gcónaíonn 50 000 áitritheoir ar a laghad
- Aon chomhlachas nó aon ghrúpa d'údaráis uirbeacha de chuid aonaid riaracháin áitiúil atá sainmhínithe, de réir an mhéid uirbithe atá iontu, mar chathair, mar bhaile nó mar bhruachbhaile agus a bhfuil 50 000 áitritheoir mar dhaonra iomlán acu; is féidir go n-áirítear leo sin comhlachais trasteorann nó grúpaí trasteorann agus comhlachais nó grúpaí i réigiúin dhifriúla agus/nó i mBallstáit dhifriúla

Is í Eurostat[3] a sholáthraíonn sainmhínithe ar choincheap an aonaid riaracháin áitiúil agus ar choincheap an mhéid uirbithe. Go háirithe, i gcreat an Tionscnaimh UIA, tagraíonn coincheap an aonaid riaracháin áitiúil don chomhlacht riaracháin a thoghtar go daonlathach agus atá ábhartha don limistéar uirbeach lena mbaineann (e.g. comhairle cathrach, bardas, buirg, etc.).

[2]Rialachán Tarmligthe (AE) 522/2014 maidir le Gníomhaíochtaí Nuálacha Uirbeacha: http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex:32014R0522
[3]An sainmhíniú ar Aonad Riaracháin Áitiúil: http://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php/Glossary:Local_administrative_unit_%28LAU%29
An sainmhíniú ar an gcéim uirbithe: http://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php/Glossary:Degree_of_urbanisation

Chun comhsheasmhacht a chinntiú sna figiúirí a bhaineann le líon iomlán na n-áitritheoirí i gcás na n-údarás uirbeach aonair agus i gcás na gcomhlachas agus na ngrúpaí de chathracha, iarrtar ar iarratasóirí an fhaisnéis arna cur ar fáil i scarbhileog arna mionléiriú ag Eurostat[4] a léamh.

Ós rud é nach dtugann gach Ballstát aonaid riaracháin áitiúil ar na limistéir dá gcuid a rialaítear go háitiúil, áfach, is féidir go bhfuil roinnt neamhréireachtaí agus bearnaí ann sa scarbhileog arna cur ar fáil ag Eurostat. Iarrfar air iarratas a dhéanamh, mar sin, má chreideann údarás uirbeach go bhfuil sé incháilithe cé nach bhfuil sé le feiceáil sa scarbhileog ó Eurostat nó má chreideann sé nach bhfuil an fhaisnéis ag teacht le fírinne a staide ar dhóigh éigin. I gcásanna atá éiginnte, áfach, déanfaidh Rúnaíocht Bhuan an Tionscnaimh UIA teagmháil le gach comhpháirtí ábhartha, Eurostat san áireamh, chun incháilitheacht a chinneadh.

Maidir le catagóir na gcomhlachas agus na ngrúpaí d'údaráis uirbeacha inarb ionann an daonra agus 50 000 áitritheoir ar a laghad, is féidir go n-áirítear léi institiúidí ag a bhfuil stádas dlíthiúil mar cheirtleán eagraithe[5], agus a mheastar, dá bhrí sin, a bheith ina leibhéil de rialtas de réir na reachtaíochta náisiúnta (i.e. Communautés d'Agglomeration sa Fhrainc, Città Metropolitane san Iodáil, Metropolitan Authorities sa Ríocht Aontaithe) agus eagraíochtaí nach bhfuil stádas dlíthiúil mar cheirtleán eagraithe acu arna gcruthú ag na húdaráis uirbeacha lena mbaineann ar bhonn deonach (atá ann cheana nó cruthaithe chun críche an Tionscnaimh UIA).

I gcás comhlachas agus grúpaí a aithnítear mar cheirtleáin eagraithe, measfar an institiúid, lena n-áirítear gach ceann de na húdaráis uirbeacha eile lena mbaineann, a bheith ar an Údarás Uirbeach.

I gcás comhlachas agus/nó grúpaí d'údaráis uirbeacha nach bhfuil stádas dlíthiúil mar cheirtleán eagraithe acu, iarrtar ar na húdaráis uirbeacha lena mbaineann Príomhúdarás Uirbeach amháin agus na hÚdaráis Uirbeacha Ghaolmhara a lua.

Léirítear in eispéiris roimhe seo go dtéann tionscadail aonair a sholáthraíonn comhlachais nó grúpaí de chathracha nach bhfuil stádas mar cheirtleán eagraithe acu, a chuimsíonn níos mó ná 3 údarás uirbeacha agus nach bhfuil tadhlach ó thaobh críche de, i mbaol comhleanúnachas a chailleadh agus go mbeidh deacrachtaí acu le torthaí fiúntacha a sholáthar. Mar sin, moltar gur cheart do

[4]EUROSTAT/ Bunachar sonraí um Iniúchadh Uirbeach, Tábla comhfhreagrais LAU2-NUTS2010, AE28 (2012): http://ec.europa.eu/eurostat/web/nuts/local-administrative-units

[5]Is é an sainmhíniú atá ar cheirtleáin eagraithe ná comhlachais agus grúpaí d'údaráis uirbeacha a ndéanann institiúidí polaitiúla-riaracháin ionadaíocht dóibh ós rud é gur tharmlig siad dlínse ar bheartais a cheapadh agus a chur chun feidhme sa réimse beartais a gclúdaíonn an tionscadal Gníomhaíochta Nuálaí Uirbí é.

chomhlachais agus/nó do ghrúpaí d'údaráis uirbeacha (nach bhfuil stádas mar cheirtleán eagraithe acu) ar mian leo iarratas a dhéanamh bheith tadhlach ó thaobh críche de agus féachaint le líon na nÚdarás Uirbeach Gaolmhar lena mbaineann a theorannú.

Ba cheart gach Údarás Uirbeach a bheith lonnaithe i mBallstát den Aontas Eorpach.

**Ní fhéadfaidh ach na húdaráis atá liostaithe thuas Foirm Iarratais a chur isteach i gcreat na Gairme Tograí le haghaidh an Tionscnaimh UIA.**

**Ní fhéadfaidh Údarás Uirbeach agus comhlachas/grúpa ach togra tionscadail amháin a chur isteach i gcreat na Gairme Tograí seo.**

## 3. Clúdach téamach le haghaidh na 1ú Ghairme Tograí

Chinn an Coimisiún na hábhair ar féidir le hÚdaráis Uirbeacha aghaidh a thabhairt orthu tríd an Tionscnamh UIA a chur ar chomhréim leis na hábhair sin a shainítear i gcreat Chlár Oibre Uirbeach an AE.

Go sonrach, is ar líon teoranta ábhar a dhíreofar i ngach Gairm Tograí le haghaidh an Tionscnaimh UIA. Le haghaidh na 1ú Ghairme Tograí, is féidir le hiarratasóirí tograí tionscadail a chur isteach lena dtugtar aghaidh ar na hábhair seo a leanas:

- An bhochtaineacht uirbeach (agus díriú ar limistéir uirbeacha dhíothacha)
- Comhtháthú inimirceach agus dídeanaithe
- An t-aistriú fuinnimh
- Poist agus scileanna sa gheilleagar áitiúil

Mar a luadh, is mian leis an gCoimisiún go mbeartófar tograí tionscadail lena dtabharfar réitigh atá cruthaitheach, nuálach agus buanfasach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin éagsúla a aithnítear. Ós rud é go mbeidh an Tionscnamh UIA ina shaotharlann le haghaidh smaointe nua, is é aidhm an Choimisiúin tástáil nua a spreagadh lena mbaintear leas as taithí ar dhisciplíní éagsúla. Chuige sin, sheachain an Coimisiún an iomarca saintreoracha a thabhairt maidir le cur síos a dhéanamh ar na cineálacha tionscadail a bhfuil sé ag súil lena mbeartú.

Anuas air sin, bainfear úsáid as léiriú solúbtha ar ar féidir le CFRE a chistiú mar chuid de thionscadal aonair UIA ós rud é gur trialacha leithlisithe a bheidh sna tionscadail sin den chuid is mó. Mar sin féin, caithfidh an tionscadal foriomlán tacú leis na cuspóirí téamacha agus na tosaíochtaí infheistíochta de chuid CFRE. Dá bharr sin, féadfaidh tionscadal, más gá, maoiniú a chur ar fáil do ghníomhaíocht a chisteofaí de ghnáth faoi ghnáthchláir oibríochtúla trí Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE), ar choinníoll:

1. Gur féidir a mheas go ndéanann an tionscadal foriomlán rannchuidiú éifeachtach maidir leis na cuspóirí téamacha agus na tosaíochtaí infheistíochta de chuid CFRE; agus
2. Nach bhfuil an tionscadal dírithe go rómhór ar ghníomhaíocht a thagann faoi chuimsiú CSE de ghnáth.

- **An bhochtaineacht uirbeach (agus díriú ar limistéir dhíothacha)**

Bíonn tionchar ollmhór ag an mbochtaineacht ar chathracha. Baineann an tionchar sin leis na costais a chruthaíonn sí ó thaobh táirgiúlacht chaillte agus ranníocaíochtaí caillte leis an gciste poiblí agus leis na fothorthaí a ghabhann léi, amhail an fhéidearthacht go dtiocfadh méadú ar an teannas sóisialta, an dóchúlacht mhéadaithe go mbeadh drochshláinte ag daoine agus an claonadh méadaithe i dtreo na hidirdheighilte sóisialta agus spásúla. Chomh maith leis sin, má thugtar aghaidh ar an mbochtaineacht, beidh tionchar díreach ann ar bhuiséid áitiúla mar gheall ar an dianúsáid a bhaintear as seirbhísí tacaíochta cumasúcháin agus as sochair/fóirdheontais áitiúla a leithdháiltear chun an bhochtaineacht a mhaolú, mar shampla. Ní iontas ar bith é, dá bhrí sin, gur aithin geallsealbhóirí ag an leibhéal cathrach, náisiúnta agus Eorpach go bhfuil dul i ngleic leis an mbochtaineacht uirbeach (agus go háirithe leis an idirdheighilt shóisialta/spásúil a bhaineann leis) ar cheann amháin de na príomhthosaíochtaí ar cheart tabhairt fúthu i gClár Oibre Uirbeach an AE.

Ní rud nua atá in aithint na saincheiste sin ná sa tábhacht a bhaineann léi. Go deimhin, ceann amháin de na haidhmeanna i Straitéis Eoraip 2020 is ea laghdú de 20 milliún duine a dhéanamh ar líon na ndaoine atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2010. D’ainneoin na haidhme uaillmhianaí sin, áfach, tá an staid ag dul in olcas ó thús na géarchéime geilleagraí i leith. Idir an bhliain 2008 agus an bhliain 2012, ba faoi 6.5 milliún duine a mhéadaigh líon na ndaoine san AE a bhí i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta. B’ionann é agus geall leis an gceathrú cuid (24,8%) den daonra. Sa bhliain 2012, bhí duine amháin as gach

ceathrar san Eoraip i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta[6]. Tá sé soiléir, mar sin, go bhfuil go leor oibre le déanamh sa réimse sin fós maidir le réitigh nuálacha a chruthú.

Is iomaí toisc is cúis leis an mbochtaineacht. Áirítear leo an dífhostaíocht nó oibriú i bpoist neamhbhuana, ioncam íseal/pinsin ísle agus sochair shóisialacha neamhdhóthanacha, gnóthachtáil íseal oideachais, neamhionannas sláinte, ardchostais tithíochta/droch-cháilíocht tithíochta agus drochláthair, baic ar rochtain ar sheirbhísí ardchaighdeáin, ar chúram leanaí agus ar an oideachas agus soláthar neamhéifeachtúil seirbhíse, leibhéal de chostais teaghlaigh a bhíonn ard nó ag ardú (e.g. costais a bhaineann le bia, le fóntais, le hiompar), ardú i líon na dteaghlach aontuismitheora/na dtuismitheoirí singile, an leithcheal agus leibhéal íseal rannpháirtíochta i saol an phobail agus sa saol poiblí. De ghnáth, ceanglaíonn na tosca sin le tosca eile chun ciorcal lochtach bochtaineachta atá struchtúrach agus comhchruinnithe go soiléir ó thaobh na spásúlachta de a chruthú i roinnt mhaith cathracha agus limistéar san AE. Baineann tábhacht ar leith leis an bpointe sin. Ní hé amháin go ngéaraíonn an bhochtaineacht ar na difríochtaí sóisialta idir daoine agus grúpaí ach tá sí ina cúis le tionchar suntasach ar an dóigh a sainíonn cathracha a gcuid spásanna agus criosanna freisin. De réir mar a mhéadaíonn an bhochtaineacht, is amhlaidh a mhéadaíonn an baol go dtiocfaidh na boicht uirbeacha le chéile i limistéir dhíothacha. Is limistéir iad ina bhfaightear an idirdheighilt shóisialta, aithisiú líon leathan saoránach, soghluaisteacht laghdaithe (níos lú rochtana ar an gcóras iompair phoiblí san áireamh), rochtain theoranta ar chreidmheas, cailleadh tithíochta agus díghrádú comhshaoil mar aon le caiteachas poiblí laghdaithe ar an díghrádú comhshaoil sin a chosc.

D'fhonn fíorthionchar a imirt ar an mbochtaineacht uirbeach a laghdú, is mian leis an gCoimisiún go mbeartófar tionscadail lena dtabharfar réitigh chruthaitheacha nuálacha ar aghaidh, go háirithe maidir leis na bunchúiseanna leis an mbochtaineacht thimthriallach i limistéir dhíothacha. Is mian leis an gCoimisiún tionscadail a fheiceáil lena bpléitear le hidircheangailteacht na mórthosca cúise ach daoine agus cineálacha cur chuige bunaithe ar an áit a chomhcheangal chun aithint agus cur chun feidhme a dhéanamh ar réitigh inbhuanaithe a chuireann deireadh le ciorcal an pholarúcháin shóisialta agus spásúil.

---

[6]CE, An séú tuarascáil ar an gcomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críche, 2014: http://ec.europa.eu/regional_policy/en/information/publications?title=&themeId=0&tObjectiveId=ALL&typeId=14&countryId=0&periodId=0&fundId=0&policyId=0&languageCode=en&search=1

- **Comhtháthú inimirceach agus dídeanaithe**

Ó thaobh na bpríomhspreagthach don uirbiú domhanda de, tá an imirce i measc na gceann is tábhachtaí, i dteannta na torthúlachta agus ionchas saoil. Is féidir go bhfuil sí ar an gceann is tábhachtaí i gcás roinnt mhaith cathracha. Cuid bhunriachtanach d'fhorbraíocht uirbeach éifeachtach is ea beartas imirce atá dea-oibrithe amach, mar sin. Le go n-éireoidh le beartas imirce, áfach, caithfidh beartais éifeachtacha chuimsithe a bheith mar bhonn agus thaca leis. Leis na beartais chuimsithe sin, cinntítear comhtháthú fadtéarmach imirceach isteach sa chreatlach shóisialta trí sheirbhísí agus trí dheiseanna a chur ar fáil.

Is cinnte go bhfuil cathracha chun cinn sa staid sin mar gur minic a bhíonn siad ar an gcéad áit a dtéann imircigh chuici mar gheall ar leibhéal agus ar cháilíocht na seirbhísí agus an bhonneagair a chuireann siad ar fáil. Dá bhrí sin, is minic a bhíonn orthu dul i ngleic le próiseas atá doiligh, casta agus fadtéarmach um chomhtháthú agus an iontaoibh fhrithpháirteach a chothú. Mura ndéantar an comhtháthú sin isteach sa chreatlach uirbeach a bhainistiú go maith, bíonn seans ann go mbeidh sé ina chúis le roinnt fadhbanna agus le réitigh neamhéifeachtacha a dteipeann orthu go hiomlán aghaidh a thabhairt ar bhunriachtanais agus a bheidh ina gcúis le himircigh a bheith á gcoinneáil amach as an margadh saothair, as tithíocht, as sláinte agus as seirbhísí oideachais, etc. Is riosca ar leith é sin i gcásanna ina n-iarrtar ar chathracha déileáil le gluaiseachtaí móra tobanna daonra a chuireann brú tobann ar na seirbhísí sna cathracha.

Cé go bhfuil roinnt mhaith d'údaráis uirbeacha san AE eolach ar na fírinní agus ar na freagairtí beartais a theastaíonn le haghaidh cuimsiú éifeachtach imirceach agus dídeanaithe, is ann do raon leathan beart, ó thaobh CFRE de, atá in ann tacú lena gcomhtháthú éifeachtach. Samplaí iad na nithe seo:

- Infheistíochtaí i mbonneagar sóisialta agus sláinte: cúram sóisialta pobalbhunaithe, ionaid phobail, brúnna, seirbhísí um chosc agus seirbhísí sláinte cúraim phríomhúil, etc.
- Infheistíochtaí i mbonneagar oideachais: naíscoileanna, scoileanna, gairmscoileanna, etc.
- Athghiniúint uirbeach: athghiniúint fhisiciúil agus shóisialta na limistéar ina bhfuil imircigh/dídeanaithe comhchruinnithe
- Bonneagar tithíochta: tithíocht shóisialta.

Mar a luadh cheana, is éard a bheidh i dtionscadail UIA den chuid is mó ná trialacha leithlisithe. Glactar leis go mbeidh éifeachtacht na gcineálacha infheistíochta atá liostaithe thuas ag brath go mór ar an dóigh a gcomhordófar iad le bearta um an gcomhtháthú sóisialta agus um an margadh saothair (amhail

bearta oiliúna, cúrsaí teanga, comhairleoireachta, cóitseála, gairmoiliúna agus fostaíochta). - Dá bhrí sin, bainfear úsáid as léiriú solúbtha ar ar féidir le CFRE a chistiú mar chuid de thionscadal aonair UIA, ar choinníoll gur féidir a mheas go ndéanann an tionscadal foriomlán rannchuidiú éifeachtach maidir leis na cuspóirí téamacha agus na tosaíochtaí infheistíochta de chuid CFRE.

- **An t-aistriú fuinnimh**

Is féidir gurb é an sainmhíniú is fearr ar an aistriú fuinnimh ná aistriú ó chóras ina bhfuil fuinneamh finideach (bunaithe ar bhreoslaí den chuid is mó) ar an bhfuinneamh is mó úsáid i dtreo córais[7] ina n-úsáidtear foinsí in-athnuaite fuinnimh den chuid is mó agus ina mbaintear an leas is mó as deiseanna atá ar fáil ó éifeachtúlacht mhéadaithe fuinnimh agus ó bhainistiú níos fearr a bheith á dhéanamh ar an éileamh ar fhuinneamh. Amhail i gcás roinnt mhaith dúshlán, is iad limistéir uirbeacha na háiteanna inar féidir an dul chun cinn is mó a dhéanamh ar an aistriú fuinnimh. An dóigh a bhfásann agus a n-oibríonn cathracha, téann sí i bhfeidhm go mór ar an éileamh ar fhuinneamh toisc go mbíonn siad freagrach as idir 60% agus 80% den tomhaltas domhanda fuinnimh agus as an sciar céanna d’astaíochtaí dé-ocsaíd charbóin.

Is saincheist ríthábhachtach don AE é sin. Tá ardleibhéal éifeachtúlachta fuinnimh tairbheach do shlándáil an tsoláthair, d’inbhuanaitheacht, d’inacmhainneacht do theaghlaigh agus do thionscail agus d’iomaíochas gheilleagar an AE. Go deimhin, tá ardleibhéal éifeachtúlachta fuinnimh ar cheann de phríomhchuspóirí bheartas fuinnimh agus aeráide an AE, mar atá leagtha amach sa Teachtaireacht Fuinnimh ón Aontas a foilsíodh le déanaí, an Teachtaireacht maidir le Straitéis na hEorpa um Shlándáil Soláthair agus Éifeachtúlacht Fuinnimh 2014.

Le blianta anuas, tá cathracha ag dul ar aghaidh le tionscnaimh agus tionscadail áitiúla um fhuinneamh inbhuanaithe agus tá siad ar thús cadhnaíochta maidir leis an aistriú i dtreo ionchas níos éifeachtúla agus níos sláine fuinnimh. Is é aidhm an Tionscnaimh UIA dlús a chur leis an aistriú sin. Gan a bheith saintreorach maidir leis na cineálacha tionscadail ba mhaith linn a fheiceáil, is ann do roinnt príomhghnéithe, áfach, ar cheart d’údaráis uirbeacha atá ag beartú tionscadal breithniú a dhéanamh orthu. Mar shampla:

[7] Energy Cities, 30 Energy Cities' proposals for the energy transition of cities and towns, 2014: http://www.energy-cities.eu/IMG/pdf/cahier_short_jan2014_en.pdf

- Táirgeadh fuinnimh in-athnuaite a mhéadú ag leibhéal áitiúil agus feabhas a chur ar a dháileadh
- Foirgnimh a iarfheistiú chun iad a dhéanamh éifeachtúil ar fhuinneamh – is i bhfoirgnimh a úsáidtear 40% den fhuinneamh deiridh san AE agus is é sin an réimse is mó agus is cost-éifeachtúla inar féidir feabhas a bhaint amach
- Bearta éifeachtúlachta fuinnimh a bhfuil sé mar aidhm leo íoslaghdú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le tearcrochtain fuinnimh agus ar a hiarmhairtí (e.g. drochshláinte, bochtaineacht leanaí, tearcghnóthachtáil oideachais, etc.)
- Glacadh teicneolaíochtaí ísealcharbóin a mhéadú
- Tacú le héifeachtúlacht fuinnimh agus le bainistiú cliste fuinnimh i mbonneagar poiblí agus san earnáil tithíochta
- Maolú a dhéanamh ar an éileamh ar théamh agus ar fhuarú agus réitigh nuálacha atá bunaithe ar an nádúr a chur i bhfeidhm chun foirgnimh agus comharsanachtaí a théamh agus a fhuarú
- Aghaidh a thabhairt ar bhacainní nach mbaineann leis an teicneolaíocht, i.e. athrú iompraíochta a chur chun cinn i dtreo roghanna níos inbhuanaithe agus laghdú a dhéanamh ar an éileamh ar fhuinneamh

Bunaithe ar an gcineál gníomhaíochtaí atá tuairiscithe thuas, tá sé soiléir go gcuimsíonn ‘an t-aistriú fuinnimh’ gnéithe teicneolaíochta, sochaíocha, cultúrtha, eacnamaíocha agus comhshaoil agus tugtar le fios go soiléir go mbeidh ról níos gníomhaí ag saoránaigh agus ag pobail ina leith. Mar sin, cé gur cheart d’údaráis uirbeacha triail a bhaint go saorálach as smaointe nua, ba cheart dóibh iarracht a dhéanamh ról agus eolas a thabhairt dá gcuid saoránach d’fhonn, ar a laghad ar bith, a spéis a tharraingt go luath in aon réitigh nua theicneolaíochta a bhfuil sé mar aidhm leo an t-ionchas comhshaoil a fheabhsú.

- **Poist agus scileanna sa gheilleagar áitiúil**

Sa díospóireacht ar Chlár Oibre Uirbeach an AE, ba mhinic a chuirtí an tsaincheist a bhaineann le cruthú fostaíochta ar aghaidh mar cheann de na príomhthosaíochtaí don AE, do na Ballstáit, do chathracha agus do shaoránaigh. Ní cúis iontais é sin. Cé go bhfuil an leibhéal dífhostaíochta ag titim le déanaí, bhí 22.6 milliún duine san AE dífhostaithe amhail mí Mheán Fómhair 2015, agus cuid mhór de na daoine sin in aoisghrúpaí a bhíonn ar na haoisghrúpaí is táirgiúla agus is rannpháirtí de ghnáth i sochaí rathúil shlán.

Amhail i gcás ábhair eile, tá cumas ar leith ag cathracha aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin toisc go ndéanann údaráis uirbeacha cinntí a théann i bhfeidhm ar an líon is mó saoránach. De réir mar a fhágann an AE an ghéarchéim eacnamaíochta ina dhiaidh de réir a chéile, ba cheart a chuimhneamh gurb i gcathracha a chónaíonn níos mó ná dhá dtrian d'fhórsa saothair an AE agus gurb iad ceirtleáin uirbeacha na príomhspreagthaigh don nuálaíocht, don iomaíochas agus don fhás geilleagrach ar fud na hEorpa. Mar sin, tá ról lárnach le himirt ag cathracha sna dálaí cearta a chruthú agus a chothú do na hinfheistíochtaí nuálacha sin a chruthóidh tuilleadh post agus poist níos fearr dá gcuid saoránach.

Ní thugtar sainmhíniú mionsonraithe ar na cineálacha tionscadail a bhfuiltear ag súil leo, ach d'fhéadfaí an tuarascáil "More jobs: better cities"[8] ó URBACT (an Clár um Líonrú maidir le Forbairt Uirbeach) a úsáid mar fhoinse spreagtha toisc go leagtar amach inti roinnt de na bearta is féidir le húdaráis uirbeacha a dhéanamh chun fás agus fostaíocht a chothú. Mar shampla:

- Slabhraí áitiúla soláthair a neartú chun cabhrú leis an ngeilleagar áitiúil tairbhe a bhaint as an margadh áitiúil agus ról gníomhach a imirt i naisc a fhorbairt i measc cuideachtaí áitiúla, a gcuid geallsealbhóirí, agus deiseanna sa mhargadh áitiúil agus sa mhargadh mór
- Gníomhaíochtaí chun cabhrú leis an éileamh a uasmhéadú agus chun cur leis an nasc atá ag fiontair bheaga agus mheánmhéide áitiúla le margaí leathana
- Tacú le fiontair bheaga agus mheánmhéide atá ann cheana, na príomhdhúshláin atá rompu a aithint agus réitigh nuálacha a chur ar fáil
- Timpeallacht ina gcothaítear an gnó a chur ar fáil, obair i gcomhar leis an bpobal gnó agus naisc a fhorbairt i measc gnóthais chomhlántacha (e.g. an geilleagar ciorclach, áit a n-úsáidtear fuíollábhar ó phróiseas amháin mar amhábhar do cheann eile…)
- Cultúr níos fearr fiontraíochta a fhorbairt agus cruthú gnólachtaí nua agus fiontar sóisialta nua a chothú trí éiceachórais áitiúla atá fabhrach a chur chun cinn, lena n-áirítear trí ghorlanna gnó agus trí thionscnaimh den chineál céanna
- Earnálacha ina bhfuil líon mór post ar fáil a chothú, amhail an geilleagar glas, an earnáil sláinte, an earnáil TFC, etc.

D'fhonn an chuid is fearr a bhaint as fás geilleagrach, aithníonn an Coimisiún gur gá do chathracha meaitseáil mhaith a chinntiú idir an t-éileamh (na poist atá ar fáil) agus an soláthar (na daoine ar mhaith leo na poist sin a dhéanamh) ina margaí saothair. Tá sé riachtanach leibhéil scileanna a mhéadú

[8]More Jobs: Better Cities, tuarascáil ó Urbact 2013: http://urbact.eu/more-jobs-better-cities-framework-city-action-jobs

agus riachtanais an mhargaidh shaothair a thuar ar bhealach níos fearr; is gá do dhaoine na scileanna cearta a bheith acu má tá fostóir iomaíoch chun iad a fhostú ar bhonn fadtéarmach. Gnéithe a bhféadfadh cathracha a bhreithniú agus gníomhaíochtaí á ndearadh: obair le forais oideachais chun a gcuid teagaisc a mheaitseáil le riachtanais a bhíonn ag athrú sa mhargadh saothair, éileamh ar scileanna a spreagadh, comhoibriú le fostóirí chun a chinntiú gurb eol roimh ré na scileanna a bheidh ag teastáil uathu.

Mar a luadh roimhe seo, agus toisc gur trialacha leithlisithe a bheidh i dtionscadail UIA den chuid is mó, bainfear úsáid as léiriú solúbtha ar ar féidir le CFRE a chistiú mar chuid de thionscadal aonair UIA, ar choinníoll gur féidir a mheas go ndéanann an tionscadal foriomlán rannchuidiú éifeachtach maidir leis na cuspóirí téamacha agus na tosaíochtaí infheistíochta de chuid CFRE agus ar choinníoll nach bhfuil an tionscadal dírithe go rómhór ar ghníomhaíocht a thagann faoi chuimsiú CSE de ghnáth.

### 4. Prionsabal Cistiúcháin

Leanann an Tionscnamh UIA prionsabal na “gcostas iomlán”. Déanann CFRE tionscadal a chómhaoiniú go suas le 80% de na costais incháilithe lena mbaineann. Is gá do gach comhpháirtí a fhaigheann airgead CFRE ranníocaíocht phoiblí nó phríobháideach (20% ar a laghad de na costais iomlána) a fháil chun gur féidir leis a bhuiséad a chomhlíonadh, agus an ranníocaíocht sin ag teacht óna acmhainní féin nó ó fhoinsí eile. Moltar formhór na ranníocaíochtaí a fháil ó fhoinsí poiblí, áfach.

Tá an scéim íocaíochta UIA bunaithe go príomha ar réamhíocaíochtaí ó CFRE:

- Déantar an chéad réamhíocaíocht ó CFRE, rud ar fiú 50% den deontas ó CFRE é, leis an Údarás Uirbeach tamaillín tar éis an Conradh Fóirdheontais a shíniú
- Déantar dara réamhíocaíocht ó CFRE, rud ar fiú 30% den deontas ó CFRE é, leis an Údarás Uirbeach tar éis tuarascáil eatramhach ar dhul chun cinn, ina leagtar amach caiteachas iniúchta an tionscadail, a chur isteach agus a fhormheas
- Déantar tríú híocaíocht ó CFRE ar fhormheas na tuarascála deiridh ar dhul chun cinn, tuarascáil ina leagtar amach caiteachas iniúchta an tionscadail freisin
- Déantar íocaíocht deiridh ó CFRE leis an tionscadal tar éis an tuarascáil cháilíochtúil deiridh a chur isteach agus a fhormheas

Tá faisnéis mhionsonraithe faoin bprionsabal cistiúcháin do thionscadail UIA le fáil i gcuid 1.7 de Threoir an Tionscnaimh UIA.

## 5. Giniúint agus forbairt tionscadail

### 5.1 Comhpháirtíocht le haghaidh Urban Innovative Actions

Laistigh de na tionscadail UIA, táthar ag súil go mbunóidh Údaráis Uirbeacha comhpháirtíochtaí áitiúla láidre ina mbeidh an meascán ceart de chomhpháirtithe comhlántacha. Is gá do gach comhpháirtí bheith lonnaithe san AE. Is féidir le comhpháirtíocht a bheith comhdhéanta díobh seo a leanas:

- **Údarás Uirbeach:** feidhmíonn an Tionscnamh UIA ar bhonn Údaráis Uirbigh atá freagrach as cur chun feidhme foriomlán agus bainistíocht fhoriomlán an tionscadail ar fad.

> **Nota bene:**
>
> - I gcás comhlachas agus grúpaí a aithnítear mar cheirtleáin eagraithe, measfar an institiúid, lena n-áirítear gach ceann de na húdaráis uirbeacha eile lena mbaineann, a bheith ar an Údarás Uirbeach faoi chuimsiú an tionscadail UIA
> - I gcás comhlachas agus/nó grúpaí d'údaráis uirbeacha nach bhfuil stádas dlíthiúil mar cheirtleán eagraithe acu, iarrtar ar na húdaráis uirbeacha lena mbaineann Príomhúdarás Uirbeach amháin agus na hÚdaráis Uirbeacha Ghaolmhara a lua. Go sonrach:
>     - Tá an Príomhúdarás Uirbeach freagrach as cur chun feidhme foriomlán agus bainistíocht fhoriomlán an tionscadail ar fad agus is airsean atá an fhreagracht airgeadais agus dhlítheanach ar fad mar Údarás a gCuirfear Cúram Air.
>     - Beidh na hÚdaráis Uirbeacha Ghaolmhara freagrach as gníomhaíochtaí sonracha a sholáthar agus as spriocanna inghnóthaithe gaolmhara/aschuir ghaolmhara a thairiscint. Is ag Údaráis Uirbeacha Ghaolmhara a bheidh sciar de bhuiséad an tionscadail agus tabharfaidh siad tuairisc ar na costais arna dtabhú chun na gníomhaíochtaí a sholáthar.

- **Comhpháirtithe Soláthair:** institiúidí, gníomhaireachtaí, eagraíochtaí, comhpháirtithe earnála príobháidí, comhlachais a mbeidh ról gníomhach acu i gcur chun feidhme an tionscadail. Beidh siad freagrach as gníomhaíochtaí sonracha a sholáthar agus as spriocanna inghnóthaithe gaolmhara/aschuir ghaolmhara a thairiscint. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil ach eagraíochtaí a bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu i dteideal páirt a ghlacadh sa tionscadal

mar chomhpháirtithe foirmiúla. Gnólachtaí comhairleachta a bhfuil sé mar phríomhchuspóir acu tionscadail Eorpacha a fhorbairt agus a bhainistiú, níl siad i dteideal páirt a ghlacadh i dtionscadal mar chomhpháirtithe foirmiúla.

Ba cheart do **ghrúpa leathan geallsealbhóirí** baint a bheith acu le dearadh agus cur chun feidhme an tionscadail. D'fhéadfaí institiúidí, gníomhaireachtaí, eagraíochtaí agus comhlachais a chuimsiú leis an ngrúpa sin. Ní bheidh ról díreach ag na geallsealbhóirí sin ach measfar iad a bheith ábhartha ar mhaithe le cur chun feidhme réidh éifeachtach agus úinéireacht roinnte an tionscadail a chinntiú.

**Comhpháirtithe soláthair agus aon eagraíocht eile atá páirteach sa ghrúpa leathan geallsealbhóirí, ní féidir leo togra tionscadail a chur isteach faoi chuimsiú na Gairme Tograí seo.**

Tá faisnéis mhionsonraithe faoi róil agus fhreagrachtaí na nÚdarás Uirbeach (agus na nÚdarás Uirbeach Gaolmhar, más ábhartha) agus na gComhpháirtithe Soláthair le fáil i gcuid 2.1 de Threoir an Tionscnaimh UIA.

### 5.2 Gníomhaíochtaí Tionscadail

Déanfar gníomhaíochtaí faoi chuimsiú na dtionscadal UIA a eagrú de réir Pacáistí Oibre agus tacóidh siad le ceann amháin nó roinnt Cuspóirí Téamacha agus Tosaíochtaí Infheistíochta gaolmhara de chuid CFRE, mar atá leagtha amach sa chéad mhír d'Airteagal 9 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna (RFC)[9] le haghaidh CSIE agus in Airteagal 5 le haghaidh CFRE.

Beidh saineolaí UIA i bhfeidhm ag gach tionscadal, duine a bheidh freagrach as na nithe seo:

- comhairle agus treoir a thabhairt go leanúnach faoi bhunús na gníomhaíochta, go háirithe maidir leis an ábhar nuálach
- cúnamh a thabhairt chun forbairt a dhéanamh ar dhoiciméid agus ar aschuir a dhéanfaidh na ceachtanna arna bhfoghlaim agus na dea-chleachtais etc. a ghabháil agus a scaipeadh ar an lucht spéise leathan
- a chinntiú go bhfanann an ghníomhaíocht ar an mbóthar ceart agus go bhfuil sí ag teacht leis an togra comhaontaithe

[9]Rialachán na bhForálacha Coiteanna (AE) Uimh. 1303/2013: http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex:32013R1303

Is leis an Tionscnamh UIA a chlúdófar costais a bhaineann le Saineolaithe UIA (lena n-áirítear costais taistil agus chóiríochta).

Tá tuilleadh faisnéise faoi ról agus chúraimí na Saineolaithe UIA le fáil i gcuid 1.5 de Threoir an Tionscnaimh UIA.

### 5.3 Línte buiséid agus costais incháilithe

De réir Threoir an Tionscnaimh UIA, is incháilithe a bheidh an caiteachas ar fad a bhaineann le cur chun feidhme na dtionscadal UIA agus is sna línte cuí buiséid a bhuiséadófar dóibh.

- Foireann
- Oifig agus riarachán
- Taisteal agus cóiríocht
- Saineolas seachtrach agus seirbhísí seachtracha
- Trealamh
- Bonneagar agus oibreacha tógála

## 6. An próiseas iarratais

Cuimsíonn an pacáiste iarratais don 1ú Ghairm Tograí le haghaidh an Tionscnaimh UIA na nithe seo:

- Na Téarmaí Tagartha seo (atá ar fáil i dteangacha uile an AE)
- Leagan oibre den Fhoirm Iarratais agus an Bhileog Deimhniúcháin agus an treoir (atá ar fáil i dteangacha uile an AE)

**Ina theannta sin, is gá Treoir an Tionscnaimh UIA (atá ar fáil i mBéarla amháin) a léamh go cúramach maidir le rialacha uileghabhálacha an Tionscnaimh.**

Is féidir na doiciméid uile a fháil ar shuíomh Gréasáin an Tionscnaimh UIA freisin.

Ní úsáidfear aon pháipéar sa phróiseas iarratais. Comhlánófar iarratais tríd an Electronic Exchange Platform (EEP) atá i bhfeidhm ag an Tionscnamh UIA. **Cuimsíonn an t-iarratas Foirm Iarratais agus leagan scanta agus sínithe den Bhileog Deimhniúcháin.** Is féidir nasc chuig an EEP a fháil ar shuíomh Gréasáin an Tionscnaimh UIA, áit ar féidir an Fhoirm iarratais agus an Bhileog deimhniúcháin a chruthú

agus a chur isteach. Beifear in ann iarratas a chur isteach tríd an EEP mí amháin ar a laghad roimh an spriocdháta le haghaidh iarratas.

Moltar go mór d'iarratasóirí an Fhoirm Iarratais a chomhlánú i mBéarla soiléir, cé go bhféadfar í a chur isteach i gceann ar bith de theangacha oifigiúla an AE freisin. Ba cheart a thabhairt faoi deara gurb ar an leagan Béarla a bheidh an Mheasúnacht Straitéiseach agus an Mheasúnacht Oibríochtúil ar na Foirmeacha Iarratais bunaithe (sa chás go gcuirfear an Fhoirm Iarratais isteach i dteanga eile, déanfaidh soláthraí seachtrach seirbhíse atá faoi chonradh ag an Rúnaíocht Bhuan an Fhoirm a aistriú go Béarla). Ní fhéadfar cáilíocht an aistriúcháin a ráthú.

**Is é an spriocdháta le haghaidh chur isteach na Foirme Iarratais agus na Bileoige Deimhniúcháin ná 31/03/2016, 14h00 CET.**

## 7. An próiseas roghnúcháin

Tar éis iad a chur isteach, beidh gach iarratas faoi réir próiseas roghnúcháin a eagrófar de réir na gcéimeanna seo a leanas:

1. Seiceálacha Incháilitheachta agus Inghlacthachta
2. Measúnacht straitéiseach
3. Measúnacht oibríochtúil

### 7.1 Seiceálacha Incháilitheachta agus Inghlacthachta

Ar dhúnadh na gairme, déanfar measúnacht ar an dóigh a gcomhlíontar na critéir fhoirmiúla incháilitheachta agus inghlacthachta sna Foirmeacha Iarratais agus sna hiarscríbhinní atá ag gabháil leo. Cuimsíonn na critéir sin íosriachtanais theicniúla a bhfuil feidhm acu gan choinníoll maidir leis na tograí uile arna gcur isteach. Tá na gnéithe seo a leanas i gceist leis na seiceálacha incháilitheachta agus inghlacthachta:

<u>Incháilitheacht</u>

1. Tá an Fhoirm Iarratais curtha isteach go leictreonach tríd an EEP roimh an spriocdháta atá luaite i dTéarmaí Tagartha na Gairme Tograí
2. Tá an Fhoirm Iarratais comhlánaithe go hiomlán

3. Tá an t-iarratasóir ina údarás uirbeach de chuid aonad riaracháin áitiúil atá sainmhínithe, de réir an mhéid uirbithe atá ann, mar chathair, mar bhaile nó mar bhruachbhaile agus ina gcónaíonn 50 000 áitritheoir ar a laghad

   **NÓ**

   Tá an t-iarratasóir ina chomhlachas nó ina ghrúpa d'údaráis uirbeacha de chuid aonaid riaracháin áitiúil atá sainmhínithe, de réir an mhéid uirbithe atá iontu, mar chathair, mar bhaile nó mar bhruachbhaile agus a bhfuil 50 000 áitritheoir mar dhaonra iomlán acu
4. (Má bhaineann) I gcás comhlachais nó grúpa nach bhfuil stádas dlíthiúil mar cheirtleán eagraithe aige, tá Príomhúdarás Uirbeach agus na hÚdaráis Uirbeacha Ghaolmhara curtha i láthair
5. Tá na teorainneacha ama comhlíonta: tá riachtanais na Gairme agus an Tionscnaimh comhlíonta i ndáta deiridh an tionscadail
6. Tá na huasriachtanais bhuiséid agus an prionsabal cómhaoiniúcháin comhlíonta

<u>Inghlacthacht</u>

1. Beidh bileog shínithe deimhniúcháin agus an Fhoirm Iarratais uaslódáilte isteach sa chóras EEP faoi dheireadh spriocdháta na Gairme.

Mura bhfuil gach ceann de na riachtanais thuas comhlíonta, ní bhreithneofar an t-iarratas a thuilleadh sa phróiseas measúnachta.

**7.2 Measúnacht Straitéiseach**

I gcás iarratas a dhearbhófar a bheith incháilithe agus inghlactha, beidh siad faoi réir Measúnacht Straitéiseach a dhéanfaidh painéal Saineolaithe Seachtracha. Tá an Mheasúnacht Straitéiseach freagrach as 80% den ualú a thabharfar don mheasúnacht fhoriomlán ar an tionscadal agus cuimsíonn sí na critéir seo a leanas:

- Nuálaíocht (40% den ualú) – A mhéid atá an t-iarratasóir in ann a léiriú gur rud nua é an togra tionscadail agus go bhfuil acmhainneacht shoiléir aige luach breise a sholáthar
- Comhpháirtíocht (15% den ualú) – A mhéid atá sé ábhartha baint a bheith ag príomh-gheallsealbhóirí leis an tionscadal maidir le cur chun feidhme an tionscadail
- Intomhaisteacht (15% den ualú) – A mhéid a sholáthróidh an tionscadal torthaí intomhaiste
- Inaistritheacht (10% den ualú) – A mhéid a bheifear in ann an tionscadal a aistriú chuig limistéir uirbeacha eile san Eoraip

Tá ceisteanna táscacha measúnachta do na critéir uile curtha i láthair i gcuid 3.2.2 de Threoir an Tionscnaimh UIA.

Tar éis na Measúnachta Straitéisí, déanfaidh an painéal Saineolaithe Seachtracha mionléiriú ar an measúnacht ar na hiarratais agus rangóidh sé iad. I gcomhaontú leis an gCoimisiún, déanfar iarratais ina mbainfear scór os cionn tairseach ar leith amach a chur ar aghaidh le haghaidh Measúnacht Oibríochtúil.

Tabharfar fógra d'iarratasóirí faoin gcinneadh ag deireadh phróiseas na Measúnachta Straitéisí.

**7.3 Measúnacht Oibríochtúil**

Is í an Rúnaíocht Bhuan a dhéanfaidh an Mheasúnacht Oibríochtúil agus beidh sí freagrach as 20% den ualú a thabharfar don mheasúnacht fhoriomlán ar an tionscadal.

Is é príomhchuspóir na Measúnachta Oibríochtúla ná cáilíocht an togra a mheas (lena n-áirítear an t-údar leis an tionscadal; indéantacht, comhsheasmhacht agus comhleanúnachas an phlean oibre; cáilíocht na struchtúr bainistíochta a bheartaítear; comhleanúnachas agus comhréireacht an bhuiséid; cáilíocht na ngníomhaíochtaí cumarsáide a bheartaítear).

Tá ceisteanna táscacha measúnachta don chritéar "Cáilíocht" curtha i láthair i gcuid 3.2.3 de Threoir an Tionscnaimh UIA.

Tar éis na Measúnachta Oibríochtúla, tiocfaidh Coiste Roghnúcháin a chomhdhéanfar den Eintiteas a gCuirfear Cúram Air agus den Choimisiún le chéile chun an roghnú deiridh a dhéanamh. Is é an Coimisiún a dhéanfaidh an cinneadh deiridh maidir le cé na tionscadail a roghnófar. Tabharfar fógra d'iarratasóirí faoin gcinneadh ag deireadh phróiseas na Measúnachta Oibríochtúla.

**7.4 An córas scórála don mheasúnacht**

Cuirfear scór idir 1 agus 5 i leith gach critéir ualaithe, rud as a dtiocfaidh meánscór do gach tionscadal.

Tá faisnéis mhionsonraithe faoin gcóras scórála don mheasúnacht le fáil i gcuid 3.2.4 de Threoir an Tionscnaimh UIA.

## 8. Soláthar poiblí, iniúchadh agus státchabhair

Comhpháirtithe tionscadail a chomhlíonann an sainmhíniú atá ar údarás conarthach de réir na reachtaíochta náisiúnta ábhartha um sholáthar, is gá dóibh cloí leis na rialacha soláthair phoiblí is infheidhme.

Ní mór caiteachas arna dhearbhú ag an tionscadal a bheith iniúchta ag iniúchóir neamhspleách. Ní mór an méid seo a leanas a chlúdach sa tuairim ón iniúchóir neamhspleách: dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais arna dhearbhú, soláthar na dtáirgí agus na seirbhísí, fóntacht an chaiteachais arna dhearbhú, agus an dóigh a bhfuil an caiteachas agus na hoibríochtaí ag comhlíonadh rialacha an Chomhphobail agus rialacha náisiúnta.

Ní mór do thionscadail fhormheasta rialacha Státchabhrach a chomhlíonadh; Tuigtear Státchabhair mar bhuntáiste de shaghas ar bith a bhronnfaidh údaráis phoiblí náisiúnta ar ghnóthais ar bhonn roghnaitheach. Dá bhrí sin, ní mór gníomhaíochtaí eacnamaíocha (i.e. earraí nó seirbhísí a thairiscint ar an margadh) de chuid tionscadal arna maoiniú faoin Tionscnamh UIA a bheith ag teacht le rialacha Státchabhrach. Sa chás go n-aithneofar gníomhaíochtaí Státchabhrach, ba cheart do thionscadail a thabhairt dá n-aire go bhféadfar srianta a chur i bhfeidhm ina leith.

Tá faisnéis mhionsonraithe faoi sholáthar poiblí agus faoi Státchabhair le fáil i gcuid 4.5.7 agus i gcuid 4.5.8 de Threoir an Tionscnaimh UIA.

## 9. Conas cúnamh a fháil

Beidh foireann na Rúnaíochta Buaine sásta cúnamh a thabhairt d'iarratasóirí maidir le haon cheisteanna teicniúla a bhíonn acu le linn na Gairme Tograí. Is féidir sonraí teagmhála a fháil ar shuíomh Gréasáin an Tionscnaimh UIA.

Chomh maith leis sin, eagróidh an Rúnaíocht Bhuan 4 Sheimineár d'Iarratasóirí i gcathracha atá suite i dtuaisceart, deisceart, oirthear agus iarthar na hEorpa. Is féidir dátaí agus ionaid na Seimineár d'Iarratasóirí a fháil sa rannán "Imeachtaí" de shuíomh Gréasáin an Tionscnaimh UIA.

## 10. Dátaí tábhachtacha

- 15/12/2015 – Seoladh na 1ú Ghairme Tograí
- 31/03/2016 – Spriocdháta le haghaidh chur isteach na bhFoirmeacha Iarratais
- 10/2016 – Dáta táscach le haghaidh an chinnidh dheiridh ar fhormheas na dtionscadal

- 10/2016 – Dáta táscach tosaigh le haghaidh tionscadail fhormheasta

**Táimid ag súil le tograí tionscadail a léamh!**